



# An Fiaclóir



D'ith Liam an iomarca milseán dá bhreithlá. Bhí **tinneas fiacaile** air an oíche sin. B'éigean dó cuairt a thabhairt ar an bhfiaclóir **an lá dár gcionn.** Nuair a shroich sé **teach an fhiaclóra** bhuail sé cnag ar an doras. D'oscail an **fáilteoir** an doras dó. **Threoraigh sí** isteach go dtí an **seomra feithimh** é. Bhí beirt ina suí ann roimhe ag léamh **irisleabhar.** Ní raibh **fonn léite** ar Liam.

Tar éis tamaill chuir an fáilteoir in iúl do Liam go raibh an fiaclóir ullamh dó. Isteach sa seomra leis agus shuigh sé ar **chathaoir an fhiaclóra.** Scrúdaigh an fiaclóir na fiacla le **mionscáthán.** Ansin thug sé **instealladh** sa **drandal** dó. Tar éis tamaill bhí an drandal **siortha,** agus ní raibh aon **mhothú** ann. Fuair an fiaclóir **teanchair bheag** agus **stoith sé** an fhiacail amach. Níor **mhothaigh** Liam aon phian. Thug an fiaclóir **comhairle** dó gan milseáin a ithe arís. Cheannaigh Liam **scuab fiacal** agus **taos fiacal** an lá sin. Seachtain ina dhiaidh sin chuaigh Liam ar ais go dtí an fiaclóir. An uair seo rinne an fiaclóir fiacail amháin a **dhruileáil** le **druilire leictreach.** Ansin **líon sé** an fhiacail. B'éigean d'athair Liam dul **faoi ghás** anuraidh. Bhí na fiacla go léir **lofa** aige agus bhí ar an bhfiaclóir iad go léir a **stoitheadh.** Tar éis tamaill fuair sé **cíor bhréige** ón bhfiaclóir.

**Seanfhocail:**
Níor bhris focal maith fiacail riamh.
Is buíoch le bocht beagán.
Tarraingíonn scéal scéal eile.

**A. Foclóir**
**fáilteoir,** receptionist
**seomra feithimh,** waiting-room
**irisleabhar,** magazine, periodical
**instealladh,** injection
**drandal,** gum
**mothú,** feeling
**teanchair,** pincers
**taos fiacal,** toothpaste
**stoitheadh,** to extract

## B. Scríobh amach an freagra ceart:
1. Cad a rinne Liam nuair a shroich sé teach an fhiaclóra?
   — Chuaigh sé isteach tríd an bhfuinneog.
   — Bhuail sé cnag ar an doras.
   — Shuigh sé lasmuigh den doras.
2. Cad leis a scrúdaigh an fiaclóir fiacla Liam?
   — le steiteascóp.
   — le teanchair bheag.
   — le mionscáthán.
3. Cén fáth nár mhothaigh Liam aon phian ag an bhfiaclóir?
   — mar bhí sé ina chodladh.
   — mar bhí an drandal siortha.
   — mar thóg sé piollaí ar dtús.

## C. Líon isteach na bearnaí seo a leanas:
1. Shuigh Liam ar - an -.
2. Thug an fiaclóir instealladh sa - dó.
3. Stoith an fiaclóir an fhiacail amach le -.
4. Cheannaigh Liam scuab - agus - fiacal.

## D. Scríobh amach na ceisteanna do na freagraí seo a leanas:
1. Toisc gur ith sé an iomarca milseán.
2. D'oscail an fáilteoir an doras dó.
3. Shuigh sé ar chathaoir an fhiaclóra.
4. Le teanchair bheag.
5. Gan milseáin a ithe.

## E. Freagair na ceisteanna seo a leanas:
1. Cén fáth ar ith Liam an iomarca milseán?
2. Cad a rinne an fáilteoir nuair a d'oscail sí an doras?
3. Cén fáth nach raibh fonn léite ar Liam?
4. Cad a tharla don drandal nuair a fuair Liam an t-instealladh?
5. Cén fáth a ndeachaigh Liam ar ais go dtí an fiaclóir?
6. Luaigh na huirlisí a bhíonn ag an bhfiaclóir.
7. Cén úsáid a bhaineann sé as an mionscáthán?
8. Cén fáth nach mothaíonn duine aon phian nuair a stoitheann an fiaclóir fiacail?

## Gramadach 15
1. "Ní raibh fonn léite ar Liam."
   Fonn (ith), ól, rith, siúl, obair.
2. Thug sé cuairt ar an bhfiaclóir **an lá** dár gcionn.
   téir/go Luimneach - an tseachtain . . ., an bhliain . . . . an choicís.
3. **Scéal**
   Dá mbeinn ábalta shroichfinn an scoil ar a naoi a chlog. D'osclóinn mo mhála agus thógfainn amach an leabhar léitheoireachta. Leanfainn den léitheoireacht ar feadh tamaill. Ansin dhúnfainn an leabhar agus chuirfinn ar ais sa mhála é. D'iarrfadh an máistir orm an clárdubh a ghlanadh. Ghlanfainn leis an nglantóir é agus shuífinn síos.

   ***Scríobh an scéal arís ag tosú mar seo:***
   Dá mbeadh Síle ábalta shroichfeadh sí . . .